Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Aibreán 2021
(OR. en)

7981/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0208(COD)**

VOTE 33
INF 97
PUBLIC 37
CODEC 547

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | - Toradh na vótála |
| | - Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um Cheartas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1382/2013 |
| | = Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |
| | = Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 19 Aibreán 2021 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméid tagartha:

6834/20 + ADD 1 + ADD1 COR 1 + ADD1 COR 2

an dáta a ghlac Coreper 2 an cinneadh chun an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid 14.04.2021

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2018/0208** (COD) (Document: **6834/20**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | Regulation of the European Parliament and of the Council establishing the Justice Programme and repealing Regulation (EU) No 1382/2013 |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 23 | | 89,09% |
| No | 2 | | 10,91% |
| Abstain | 0 | | 0% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 25 | | |

Sitting date: **19/04/2021**

Final result

| Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|
| **BELGIQUE/BELGIË** | 2,64 | Yes |
| **БЪЛГАРИЯ** | 1,59 | Yes |
| **CESKÁ REPUBLIKA** | 2,41 | Yes |
| ~~DANMARK~~ | | Not participating |
| **DEUTSCHLAND** | 18,99 | Yes |
| **EESTI** | 0,30 | Yes |
| ~~ÉIRE/IRELAND~~ | | Not participating |
| **ΕΛΛΑΔΑ** | 2,45 | Yes |
| **ESPAÑA** | 10,82 | Yes |
| **FRANCE** | 15,34 | Yes |
| **HRVATSKA** | 0,93 | Yes |
| **ITALIA** | 13,92 | Yes |
| **ΚΎΠΡΟΣ** | 0,20 | Yes |
| **LATVIJA** | 0,44 | Yes |
| **LIETUVA** | 0,64 | Yes |
| **LUXEMBOURG** | 0,14 | Yes |
| **MAGYARORSZÁG** | 2,23 | No |
| **MALTA** | 0,12 | Yes |
| **NEDERLAND** | 4,01 | Yes |
| **ÖSTERREICH** | 2,03 | Yes |
| **POLSKA** | 8,68 | No |
| **PORTUGAL** | 2,35 | Yes |
| **ROMÂNIA** | 4,42 | Yes |
| **SLOVENIJA** | 0,48 | Yes |
| **SLOVENSKO** | 1,25 | Yes |
| **SUOMI/FINLAND** | 1,26 | Yes |
| **SVERIGE** | 2,36 | Yes |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (14 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**IARSCRÍBHINN 2**

**Ráiteas ón Ungáir**

Tá imní curtha in iúl ag an Ungáir, roinnt uaireanta le linn na caibidlíochta, a mhéid a bhaineann leis na dréachtrialacháin lena mbunaítear an Clár um Chearta agus Luachanna agus an Clár um Cheartas don tréimhse 2021-2027 agus ní féidir léi tacú leis na téacsanna críochnaitheacha uathu ach oiread.

Maidir leis an dréachtrialachán lena mbunaítear an Clár um Chearta agus Luachanna don tréimhse 2021-2027 agus an dréachtrialachán lena mbunaítear an Clár um Cheartas don tréimhse 2021-2027, tá an Ungáir den tuairim nár mhór athbhreithniú substaintiúil a dhéanamh ar na dréachtrialacháin ar na cúiseanna seo a leanas: easnaimh a mhéid a bhaineann leis an mbunús dlí (go háirithe maidir leis an tsraith 'luachanna an Aontais' chomh maith leis an tsraith 'Rannpháirteachas agus rannpháirtíocht na saoránach' de chuid an chláir 'Cearta agus Luachanna'), an raon feidhme dhoiléir nach mbeadh teoranta do réimse dhlí an Aontais (lena n-áirítear tagairtí do chonarthaí idirnáisiúnta nach bhfuil daingnithe ag an Aontas), an bhéim ar thacaíocht do chineál sonrach amháin eintitis incháilithe (eagraíochtaí na sochaí sibhialta) seachas díriú ar na tionscadail shubstaintiúla, chomh maith leis an tagairt do choincheapa nach bhfuil i gcomhréir le foclaíocht na gconarthaí. Tá an Ungáir meáite ar chearta bunúsacha luachanna Eorpacha a chosaint, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus cóir chomhionann a chur chun cinn.

Áitíonn an Ungáir go ndéanfar na buncheanglais a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil, prionsabal na tabhartha agus comhlíontacht leis na Conarthaí i gcoitinne a urramú ionas nach mbeifí den tuairim go bhféadfadh tionchar a bheith ag tuairimí polaitiúla agus idé-eolaíocha agus tosaíochtaí do chistiú ón Aontas á sainiú.

## Ráiteas ón bPolainn

Coimeádann an Pholainn lena hagóid i gcoinne fhoclaíocht aithris 10 den rialachán ina bhfuil liosta neamhréireach neamhiomlán de ghrúpaí leochaileacha ar mó an baol idirdhealaithe dóibh, ag tabhairt tús áite do dhaoine LGBT thar ghrúpaí leochaileacha eile atá neamhchosanta ar an idirdhealú, e.g. daoine bochta nó iad siúd atá neamhchosanta ar an idirdhealú mar gheall ar thuairimí polaitiúla nó reiligiúnacha, e.g. Críostaithe, ar ina leith atá comharthaí éadulaingthe nó gníomhartha loitiméireachta, fiú, le tamall anuas.

Tugann Poblacht na Polainne dá haire go bhfuil an sásra coinníollachta, a shonraítear in aithris 30 den Rialachán, ina ábhar gearáin faoi láthair, a chuir Poblacht na Polainne faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) toisc dúbláil ar an nós imeachta faoi Airteagal 7 CAE a bheith á déanamh agus inniúlacht na Comhairle Eorpaí a bhunaítear san airteagal sin a bheith á sárú.

Tá sé doghlactha don Pholainn go gcuirtear sa rialachán coinníollacha nach bhfuil sonraithe go leordhóthanach le haghaidh feidhmiú eagraíochtaí neamhrialtasacha, rud a fhágann go gcumasaítear maoiniú na n-eagraíochtaí siúd ach iad a chomhlíonadh. Tá an baol ann, de bharr easpa soiléire ar an ábhar sin, go gcaithfí cistí an Aontais go míchuí agus tugtar isteach corrlach lánroghnach neamhtheoranta dá dheasca.

Cuireann an Pholainn i gcoinne úsáid an téarma 'inscne' sa rialachán. Ní ann don fhoclaíocht sin sa dlí príomha agus baineann Ballstáit aonair tuiscint dhébhríoch as, agus tá an baol ann go dtabharfaí ró-léirmhíniú uirthi in éagmais a sainmhínithe dlíthiúla i ndlí an Aontais. Tuigeann an Pholainn an fhoclaíocht 'comhionannas inscne' mar thagairt do 'comhionannas idir mná agus fir' i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ina theannta sin, tuigeann an Pholainn an fhoclaíocht 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 19, mír 1 agus Airteagal 157, míreanna 2 agus 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.